

4 Cuntasaíocht vótaí agus bainistíocht buiséid

- 4.1** Faigheann ranna agus oifigí rialtais maoiniú bliantúil ón Státchiste chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Déantar foráil do chaiteachas faoi 'vótaí' atá ceadaithe ag Dáil Éireann, a chlúdaíonn feidhmeanna gach roinne nó oifige.¹ Tugtar éifeacht dhlíthiúil deiridh do na vótaí san Acht Leithreasa bliantúil.
- 4.2** Ceaptar ceann gach roinne nó oifige mar an 'oifigeach cuntasaíochta' don vóta(i) ábhartha. Tá oibleagáid reachtúil ar an oifigeach cuntasaíochta cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú do gach seirbhís vótáilte ábhartha. Léirítear i ngach cuntas leithreasa conas a chuirtear toradh na bliana i gcomparáid leis an méid a chuir Dáil Éireann ar fáil. Tá na cuntais seo faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- 4.3** Rinne an tAcht Leithreasa 2024 foráil do chaiteachas ar sheirbhísí vótáilte (leithreasuithe) arbh fhiú €90 billiún iad. Bhí sé seo le maoiniú trí
- €86.5 billiún a eisiúint chuig vótaí ó Lárchiste an Státchiste (ar a dtugtar deontais soláthair), agus
 - úsáid admhálacha áirithe vóta ionchais (ar a dtugtar leithreasaí i gcabhair) de €3.5 billiún.

Sa bhreis air sin, tugadh maoiniú caipitil neamhúsáidte arbh fhiú €518.7 milliún san iomlán é anonn ó 2023 le haghaidh caiteachais in 2024. Tugann sé seo an maoiniú iomlán vótaí atá ar fáil, do 2024, go €90.5 billiún.²

1 Féadfar feidhmeanna gach roinne nó oifige a chumhdach le vóta amháin nó níos mó.

2 Agus meastacháin agus tuarascálacha á gcur i láthair maidir le caiteachas vótáilte, áirítear go ginearálta sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Oiliúna Náisiúnta i gcaiteachas iomlán comhlán a vótáladh. Ní leithreasaí vótála iad seo. Measann an Roinn, áfach, go dtugann a gcuimsiú léargas níos iomláine ar chaiteachas iomlán an Rialtais.

3 [Ciorclán 20/2024: Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2024.](#)

- 4.4** Tugadh faoin scrúdú seo chun
- cur síos a dhéanamh ar thimthriall bliantúil na meastachán a vótáladh;
 - achoimre a dhéanamh ar an dtoradh do gach ceann de na 45 cuntas leithreasa do 2024;
 - anailís a dhéanamh ar an dtoradh iarbhir i gcoinne buiséid bhunaidh agus fhorlíontacha; agus
 - aird a tharraingt ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn maidir le bainistiú cistí vótáilte.
- 4.5** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar an bpróiseas meastachán, ar an reachtaíocht ábhartha, ar chuntais leithreasaithe 2024 do gach vóta agus ar dhoiciméid ábhartha eile. Áiríodh leis an dara ceann an ciorclán maidir leis na ceanglais do chuntais leithreasa 2024 arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (An Roinn Caiteachais Phoiblí).³

Timthriall caiteachais vótáilte bliantúil

- 4.6** Ba cheart go léireodh na meastacháin chaiteachais a chuirtear faoi bhráid Dháil Éireann lena cheadú an méid a bhfuiltear ag súil leis a chaithfear ar gach seirbhís roinne. Feidhmíonn siad go héifeachtach freisin mar theorainneacha airgid.
- 4.7** Más gá, i rith na bliana, coigeartuithe móra maoinithe a dhéanamh tar éis don ceadú Dála, ní mór faomhadh Dála foirmiúil a lorg do na coigeartuithe sin. Déantar é seo tríd an bpróiseas meastacháin forlíontach (féach Fíor 4.1). Féadfar an próiseas seo a úsáid freisin chun cistí a aistriú idir cláir agus fo-chinn, más gá. Pléitear sonraí na meastachán forlíontach a iarrtar ag na coistí earnála ábhartha Dála sula n-iarrtar formheas ón Dáil féin. Go hiondúil, tarlaíonn na pléanna seo sa ráithe deiridh den bhliain.

Éabhlóid na meastachán ar vótaí in 2024

- 4.8** Rinne na Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2024, a foilsíodh i mí na Nollag 2023, foráil do ghlannhaoiniú iomlán vótáilte de bheagnach €79.5 billiún thar 45 vóta. Rinneadh athbhreithniú air seo go minic ina dhiaidh sin.
- 4.9** In 2024, cuireadh ‘meastachán athbhreithnithe breise’ i láthair do thrí sheirbhís vótáilte.¹ Mar thoradh air seo tháinig méadú €22 milliún ar an nglanmhéid a ceadaíodh le haghaidh caiteachais.
- 4.10** Chuir meastacháin fhorlíontacha ceadaithe €7 billiún breise ar fáil, rud a d’fhág go raibh soláthar comhiomlán €86.5 billiún (glan) do sheirbhísí vótáilte in 2024.

Leithreasaí 2024

- 4.11** Tá achoimre ar na suimeanna a leithreasaíodh in 2024 do sheirbhísí poiblí vótáilte san áireamh in Iarscríbhinn 4A (Fíor 4A.1). Taispeántar freisin an toradh don bhliain, mar aon leis na barrachais/easnamh leithreasaí thar chaiteachas.²

Cuntais a chur isteach go luath go deonach

- 4.12** Is é an spriocdháta reachtúil chun cuntais leithreasa a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh ná an 31 Márta sa bhliain i ndiaidh na bliana cuntais. Chun críochnú an phróisis chuntasaíochta vótaí níos luaithe a éascú, d’iarr an Roinn Caiteachais Phoiblí ar shealbhóirí vótaí a raibh leithreasaí vótála níos lú ná €100 milliún acu in 2024 a gcuntais leithreasaithe a chur isteach, ar bhonn deonach, faoin 11 Márta 2025.
- 4.13** Chuir seacht gcinn déag de na 22 roinn agus oifig le leithreasaí níos lú ná €100 milliún a gcuntais isteach faoin 11 Márta 2025. Ceanglaíodh ar na cúig eagraíocht nár chuir a gcuntais isteach go luath na cúiseanna a mhíniú don Roinn Caiteachais Phoiblí.³
- 4.14** Cuireadh na cuntais leithreasaithe vótaí go léir a bhí fágtha do 2024 isteach lena n-íniúchadh faoin dáta reachtúil aighneachta, 31 Márta 2025.⁴


1 Vóta 16 Tailte Éireann; Vóta 29 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; agus Vóta 34 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Is féidir ‘meastachán athbhreithnithe breise’ a fhoilsiú i vótaí ina gcomhaontaítear athruithe ar a mbuiséid sa tréimhse idir na meastacháin athbhreithnithe agus formheas na Dála.

2 Is é an t-easnamh dá dtagraítear ná Vóta 14 Saotharlann Stáit, féach míreanna 4.17 – 4.22.

3 Bhí na cúiseanna le cur faoi bhráid Aonaid Cuntasaíochta an Rialtais i scríbhinn, chun cuidiú le forbairt beartais ar thráthúlacht na gcuntas.

4 Ceanglaítear ar an oifigeach cuntasaíochta an cuntas leithreasa agus réamhrá/ráiteas ar leith ar rialú inmheánach airgeadais a shíniú agus dáta a thabhairt dó sula gcuirtear isteach é. Is féidir an cuntas leithreasa agus/nó an ráiteas a athshíniú mar thoradh ar athruithe ar chuntas a eascraíonn as an bpróiseas iniúchta.

Fíor 4.1 Seicheamh agus uainiú phróiseas meastachán 2024^a



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá tuilleadh sonraí maidir leis na meastacháin agus próiseas an chuntais leithreasa leagtha amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*, arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí.


Torthaí iniúchtaí 2024 ar chuntais leithreasa

- 4.15** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2024 do na vótaí go léir curtha i gcrích. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil iniúchóireachta ghaolmhar, á chur faoi bhráid Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.

Toradh vóta

- 4.16** Ba é an suim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2024 ná €89.7 billiún (féach Fíor 4.2). Tar éis leithreasá i gcabhair réadaithe arbh fhiú €3.7 billiún san iomlán iad a asbhaint, ba é an glanchaiteachas sa bhliain ná €86 billiún.

Fíor 4.2 Toradh caiteachais vótáilte, 2015 – 2024



Foinse: Cuntais Leithreasa, 2015 go 2024. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Vóta barrachais — Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

- 4.17** Leagann an tAcht Leithreasa teorainn le caiteachas gach vóta agus le méid na leithreasá i gcabhair is féidir a úsáid leis an vóta. Tarlaíonn vóta barrachais nuair

- a sháraítear iomlán na bhfo-cheannteidil chaiteachais, agus/nó
- nuair nach ndéantar easnamh i leithreasá i gcabhair a mheaitseáil le coigilteas caiteachais.


- 4.18** Ba iad na méideanna a leithreasaíodh ag Dáil Éireann do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit ná caiteachas iomlán de €14,921,000 agus leithreasá i gcabhair de €1,446,000. Ba é an caiteachas iarbhír a thabhaigh an Vóta ná €14,750,702, coigilt €170,298. Ba é iomlán na leithreasá i gcabhair a fuarthas ná €1,266,022, easnamh €179,978. Toisc nár leor an coigilteas caiteachais chun an t-easnamh sna fáлтаis a fhritháireamh, ba é an toradh a bhí air ná glaneasnamh (vóta barrachais) de €9,680.

- 4.19** Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur tháinig an vóta barrachais chun cinn toisc nach bhfuarthas táillí áirithe ar sheirbhísí a cuireadh ar fáil do chomhairlí contae éagsúla agus don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a raibh súil ag an tSaotharlann Stáit a fháil i mí na Nollag 2024 go dtí Eanáir 2025. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh seiceálacha rialaithe inmheánaigh agus nós imeachta dheireadh na bliana na Saotharlainne Stáit dírithe ar a chinntiú nach sáródh an caiteachas an deontas soláthair. Ní raibh dóthain seiceálacha rialaithe inmheánacha ann chun a chinntiú go raibh aon easnamh a tháinig chun cinn i leithreasáí i gcabhair ag teacht le coigilteas caiteachais.
- 4.20** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin gur críochnaíodh iniúchadh inmheánach ar phróiseas sonraiscithe na Saotharlainne Stáit i mí Aibreáin 2025. Fuair an t-iniúchadh inmheánach caighdeán maith rialaithe don tréimhse a athbhreithníodh (1 Deireadh Fómhair 2023 go 14 Márta 2025).
- 4.21** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go bhfuil na bearta seo a leanas déanta chun cosc a chur ar chás den chineál céanna a bheith ann amach anseo.
- Tá seiceáil rialaithe inmheánach míosúil breise ann chun a chinntiú go bhfuil aon easnamh i leithreasáí i gcabhair ag teacht le coigilteas caiteachais.
 - Nuashonraíodh an nós imeachta deireadh bliana chun a chinntiú go bhfuil aon easnamh leithreasáí i gcabhair ag teacht le coigilteas caiteachais.
 - Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas bailithe fiachais chun a chinneadh an bhfuil gá le hathruithe ar na gníomhaíochtaí bailithe.
 - Tá acmhainní breise foirne curtha leis an mbord bainistíochta agus leis an rannán airgeadais i bplean lucht saothair 2025. Éascóidh sé seo rialú inmheánach méadaithe.
- 4.22** Déanann *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* cur síos ar an bpróiseas a leantar nuair a thagann vóta barrachais chun cinn.
- Tuairiscíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an farasbarr do Dháil Éireann agus míníonn sé/sí an cheist do Choiste na gCuntas Poiblí, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh an t-oifigeach cuntasaíochta vótaí a ghlao agus a scrúdú.
 - Má tá an Coiste sásta leis na míniúcháin a fuarthas, féadfaidh sé tuarascáil a eisiúint á rá nach bhfeiceann sé aon agóid i gcoinne na suime barrachais a bheith ceadaithe ag Dáil Éireann trí 'vóta barrachais'.
 - Cinneann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (An tAire Caiteachais Phoiblí) ar cheart vóta barrachais a chur faoi bhráid Dháil Éireann. Sa chás go bhfuil an cúrsa seo inghlactha ag an Aire, cuireann sé/sí 'ráiteas barrachais' faoi bhráid Dháil Éireann lena cheadú. Má fhaightear an ceadú sin, cuirtear méid an bharrachais san áireamh san Acht Leithreasa seo a leanas.

Bainistiú barrachais vótaí

- 4.23** Nuair a bhíonn glanchaiteachas vótála sa bhliain níos lú ná an méid a chuirtear ar fáil, tá an barrachas faoi dhliteanas a thabhairt suas don Stáitchiste. Is féidir maoiniú áirithe a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain ina dhiaidh sin má cheadaítear é san Acht Leithreasa don bhliain chuntais. Ní mór don Aire Caiteachais Phoiblí é a cheadú freisin faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004.
- 4.24** Taifeadadh barrachais le 44 vóta in 2024. B'ionann barrachais 2024 agus €996 milliún (féach Fíor 4.3). Den suim sin, faomhadh €192 milliún san iomlán le tabhairt anonn go dtí 2025. Bhí an t-iarmhéid de €804 milliún dlite le géilleadh. Nochtar sna nótaí do na cuntais leithreasa ábhartha na cúiseanna atá leis an tearc-chaiteachas a thaifeadtar le gach vóta.

Fíor 4.3 Leithreasaí barrachais, 2015 – 2024




Foinse: Cuntais Leithreasa, 2015 go 2024. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Athraitheas buiséid


- 4.25** Is ionann na meastacháin a d'fhaomh Dáil Éireann agus na suimeanna a theastaíonn chun freastal ar chostas measta na seirbhísí a sholáthrófar ó gach vóta agus na leithreasaí i gcabhair réamh-mheasta. Is ionann an t-athraitheas buiséid agus an difríocht idir na meastacháin seo ar ghlancaiteachas agus an toradh iarbhir i mbliana.¹ In 2024, bhí an glanchaiteachas beagnach €6 billiún níos mó ná an réamhaisnéis bhunaidh (féach Fíor 4.4).
- 4.26** I gcás 20 vóta, bhí an toradh glanchaiteachais níos airde ná an meastachán bunaidh. Fíor 4.5 an t-athraitheas comhréireach idir caiteachas iarbhir agus an meastachán bunaidh in 2024, i gcás na vótaí sin a bhfuil éagsúlacht níos mó ná (+/-) 10% acu.

¹ Tá foráil reachtúil ann chun go bhféadfar leithdháiltí caipitil nár caitheadh a thabhairt anonn go dtí an bhliain dár gcionn lena n-úsáid chun na críche céanna, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí. Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna tugtha anonn mar chuid de na leithreasaí bliantúla (na bliana ina dhiaidh sin).

Fíor 4.4 Athraitheas glanchariteachais ón mbuiséad, gach vóta, 2015 – 2024



Foinse: Cuntais Leithreasa, 2015 go 2024. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.



Fíor 4.5 Athraitheas glanchariteachais, mar chomhréir den bhuiséad bunaidh, vótaí roghnaithe 2024

Foinse: Cuntais Leithreasa 2024. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Athraitheas buiséid i Vóta 29 An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

- 4.27** Bhí an róchaiteachas céatadáin ba mhó ag Vóta 29 an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ag 43% (2023: 85%) os cionn a mheastacháin bhunaidh. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar bhearta éigeandála leanúnacha a tugadh isteach mar fhreagra ar ardú praghsanna fuinnimh do chustaiméirí baile. Mar gheall ar phraghsanna arda leanúnacha in 2024, thug an Rialtas scéim eile isteach. Rinne an scéim seo foráil do dhá íocaíocht de thart ar €115 an ceann (gan CBL san áireamh) a chur chun sochair do bhreis is 2.2 milliún cuntas leictreachais intíre. Níor cuireadh costas na gcreidmheasanna leictreachais seo de €520 milliún (2023: €926 milliún) san áireamh sa mheastachán bunaidh. Cuireadh ar fáil é trí mheastacháin fhorlíontacha.
- 4.28** Bhain €258 milliún den chaiteachas €520 milliún a tabhaíodh ar na scéimeanna sochair éigeandála costais leictreachais in 2024 le creidmheasanna leictreachais a cuireadh i bhfeidhm ar chuntais intíre in 2025. Taifeadtar an suim seo mar réamhíocaíocht agus nochtar é sa ráiteas staid airgeadais i gcuntas leithreasa Vóta 29.

Fáltais státchiste

- 4.29** Tá gach fáltas ó ranna agus oifigí an rialtais láir faoi dhliteanas a thaisceadh leis an Státchiste, mura gcinneann Dáil Éireann mar chuid den phróiseas meastachán go bhféadfai iad a chur i bhfeidhm mar leithreasaí i gcabhair de vótaí sonracha.
- 4.30** I measc samplaí d'fháltais shubstaintiúla nach gcaitear leo mar leithreasaí i gcabhair tá fáltais na hÉireann ó Chóras Trádála Astaíochtaí an AE, táillí Tailte Éireann, agus fáltais fhíneála ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ón tSeirbhís Chúirteanna. Aistrítear fáltais den sórt sin chuig an Lárchiste agus tagraítear dóibh mar fáltais 'breise' ón Státchiste. De ghnáth cuirtear fáltais amhantair san áireamh ar an mbealach seo freisin. Áirítear orthu sin fáltais ó dhíolachán suntasach réadmhaoine, fáltais ar scór ioncam barrachais nó brabúis ó chuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil agus cúiteamh.
- 4.31** Taispeántar fáltais bhreise ón Státchiste arna réadú ag ranna agus oifigí in 2024 sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha. In 2024, b'ionann iad seo agus €464 milliún (2023: €424 milliún). Leagtar amach suim comhiomlán na bhfáltais sin a thuairiscítear i ngach cuntas in Iarscríbhinn 4A (Fíor 4A.3).

Iarscríbhinn 4A Toradh airgeadais ar an vóta

Cuireann Dáil Éireann airgead ar fáil do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú ar na suimeanna a theastaíonn do na seirbhísí sin le linn gach bliana. Tugtar éifeacht reachtúil do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Déantar foráil don chaiteachas faoi shraith ‘vótaí’. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a thabhairt ar aird do gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a thabhairt faoin dtoradh don bhliain i gcoinne an tsuim a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Cuireann Fíor 4A.1 achoimre ar fáil ar leithreasaí do sheirbhísí poiblí in 2024, trí vóta.

Léiríonn Fíor 4A.2 conas a cuireadh leithreasaí barrachais i bhfeidhm in 2024 — trí chaiteachas a iarchur go dtí 2025 nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Léiríonn Fíor 4A.3 fáltais bhreise an Státchiste a taifeadadh i gcoinne gach vóta in 2024.

Gluais na dtéarmaí

Deontas soláthair	An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) Dáil Éireann do gach ceann de na seirbhísí poiblí.
Iarchurtha ó 2023	Méid an mhaoinithe chaipitil nár caitheadh in 2023 agus nár tugadh anonn le haghaidh caiteachais ar sheirbhísí caipitil in 2024. D’fhaomh Dáil Éireann na suimeanna seo a thabhairt anonn.
Leithreasaí i gcabhair	Féadfar fáltais Roinne, le comhaontú Dháil Éireann, a choimeád chun costais na vótála lena mbaineann siad a íoc.
Iomlán na leithreasuithe	Suim an deontais soláthair, airgead caipitil 2023 iarchurtha (más ann) agus leithreasaí i gcabhair.
Barrachas don bhliain	An barrachas leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon le barrachas ar leithreasaí i gcabhair. Dlítear barrachas na bliana a thabhairt suas ar ais don Státchiste.
Géilleadh iarchurtha	Suim an mhaoinithe chaipitil nár caitheadh in 2024 agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais in 2025. D’fhaomh Dáil Éireann na leithreasaithe arna dtabhairt anonn seo.
Barrachas le géilleadh	Suim an airgid a leithreasaíodh in 2024 ach nár caitheadh sa bhliain nó nár cuireadh siar go dtí 2025, agus a cheanglaítear mar sin a thabhairt suas don Státchiste.
Fáltais breise státchiste	Fáltais ón Roinn nach leithreasaítear i gcabhair den vóta ach a aistrítear chuig an Státchiste.

Fíor 4A.1 Achoimre ar leithreasáí do sheirbhísí poiblí in 2024, trí vóta

Vóta	Seirbhís	Suim leithreasaithe				Toradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2023	Leithreasáí i gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí i gcabhair	Glanchaiteachas	Ollbharrachas	Fáltais breise/ (easnamh isteach)	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Bunú an Uachtaráin	5,260	—	96	5,356	4,549	122	4,427	807	26	833
2	Roinn an Taoisigh	37,920	—	841	38,761	34,284	810	33,474	4,477	(31)	4,446
3	Oifig an Ard-Aighne	24,053	—	722	24,775	22,112	779	21,333	2,663	57	2,720
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	81,015	—	2,300	83,315	82,984	2,225	80,759	331	(75)	256
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	65,946	—	1,048	66,994	66,237	1,022	65,215	757	(26)	731
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	52,476	—	1,144	53,620	53,450	1,498	51,952	170	354	524
7	Oifig an Aire Airgeadais	42,434	110	6,460	49,004	44,924	7,537	37,387	4,080	1,077	5,157
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	11,130	—	7,026	18,156	16,842	9,028	7,814	1,314	2,002	3,316
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	532,136	—	63,500	595,636	581,081	64,714	516,367	14,555	1,214	15,769
10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	3,832	—	74	3,906	3,096	62	3,034	810	(12)	798
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe:	56,459	—	2,975	59,434	57,022	3,154	53,868	2,412	179	2,591

Vóta	Seirbhís	Suim leithreasaithe				Toradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2023	Leithreasá i gcabhair	Iomlán	Oll-chaitheachas	Leithreasá i gcabhair	Glan-chaitheachas	Oll-bharrachas	Fáltais breise/ (easnamh isteach)	Glan-bharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	225,388	—	666,343	891,731	871,430	726,644	144,786	20,301	60,301	80,602
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	675,212	—	23,820	699,032	694,512	31,655	662,857	4,520	7,835	12,355
14	An tSaorthlann Stáit	13,475	—	1,446	14,921	14,751	1,266	13,485	170	(180)	(10)
15	Rúnseirbhís	2,000	—	—	2,000	1,282	—	1,282	718	—	718
16	Tailte Éireann	85,637	—	1,530	87,167	79,289	1,592	77,697	7,878	62	7,940
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	23,403	—	870	24,273	22,811	1,077	21,734	1,462	207	1,669
18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	72,567	1,200	7,031	80,798	72,220	7,351	64,869	8,578	320	8,898
19	Oifig an Ombudsman	14,496	—	486	14,982	13,817	525	13,292	1,165	39	1,204
20	An Garda Síochána	2,289,190	15,000	133,206	2,437,396	2,411,240	136,104	2,275,136	26,156	2,898	29,054
21	Príosúin	489,657	—	12,230	501,887	500,692	12,402	488,290	1,195	172	1,367
22	An tSeirbhís Chúirteanna	154,950	—	36,333	191,283	188,773	38,313	150,460	2,510	1,980	4,490
23	An Coimisiún Toghcháin	11,719	—	80	11,799	10,246	108	10,138	1,553	28	1,581
24	An Roinn Dlí agus Cirt	526,061	1,400	137,796	665,257	660,918	155,026	505,892	4,339	17,230	21,569
25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	8,890	—	203	9,093	8,916	180	8,736	177	(23)	154

Vóta	Seirbhís	Suim leithreasaithe				Toradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	larchurtha ó 2023	Leithreasá i gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasá i gcabhair	Glanchaiteachas	Ollbharrachas	Fáltais breise/ (easnamh isteach)	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
26	An Roinn Oideachais	11,426,673	—	514,553	11,941,226	11,907,788	506,473	11,401,315	33,438	(8,080)	25,358
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	774,319	—	1,030	775,349	773,485	1,786	771,699	1,864	756	2,620
28	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	361,091	—	75,000	436,091	429,580	85,219	344,361	6,511	10,219	16,730
29	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	1,759,961	1,800	9,145	1,770,906	1,733,812	10,530	1,723,282	37,094	1,385	38,479
30	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	1,717,533	45,600	436,567	2,199,700	2,123,837	476,437	1,647,400	75,863	39,870	115,733
31	An Roinn Iompair	3,693,308	140,920	28,455	3,862,683	3,703,080	22,474	3,680,606	159,603	(5,981)	153,622
32	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	1,348,755	20,000	86,881	1,455,636	1,397,483	91,803	1,305,680	58,153	4,922	63,075
33	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	990,299	21,480	216,440	1,228,219	1,165,541	210,891	954,650	62,678	(5,549)	57,129
34	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	8,146,571	141,000	70,854	8,358,425	8,353,058	76,485	8,276,573	5,367	5,631	10,998
35	Pinsin Airm	311,998	—	5,000	316,998	304,341	4,804	299,537	12,657	(196)	12,461
36	An Roinn Cosanta	908,173	—	24,525	932,698	931,907	32,701	899,206	791	8,176	8,967
37	An Roinn Coimirce Sóisialaí	13,444,364	—	376,986	13,821,350	13,726,920	379,004	13,347,916	94,430	2,018	96,448
38	An Roinn Sláinte	24,153,208	70,000	422,705	24,645,913	24,644,419	449,414	24,195,005	1,494	26,709	28,203
39	Oifig Soláthair an Rialtais	21,793	115	525	22,433	19,508	531	18,977	2,925	6	2,931

Vóta	Seirbhís	Suim leithreasaithe				Toradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2023	Leithreasá i gcabhair	Iomlán	Oil-chaiteachas	Leithreasá i gcabhair	Glan-chaiteachas	Oil-bharrachas	Fáltais breise/ (easnamh isteach)	Glan-bharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
40	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	7,958,290	—	29,865	7,988,155	7,866,181	30,863	7,835,318	121,974	998	122,972
41	An tÚdarás Póilíneachta	4,368	—	70	4,438	3,636	76	3,560	802	6	808
42	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	400,908	20,000	42,669	463,577	458,925	41,252	417,673	4,652	(1,417)	3,235
43	Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais	52,788	—	205	52,993	50,030	237	49,793	2,963	32	2,995
44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	28,126	—	285	28,411	19,722	320	19,402	8,689	35	8,724
45	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	3,460,549	40,091	97,746	3,598,386	3,592,257	107,869	3,484,388	6,129	10,123	16,252
	Iomlán	86,468,381	518,716	3,547,066	90,534,163	89,722,988	3,732,363	85,990,625	811,175	185,297	996,472

Foinse: Cuntais Leithreasa 2024. Tá aon difríochtaí dealraitheacha mar gheall ar shlánú.

Nóta: a Is éard atá sa ghlanbharrachas barrachas na leithreasáí iomlána ó Dháil Éireann thar an gcaiteachas comhlán mar aon leis an mbarrachas (easnamh) ar leithreasáí i gcabhair.

Fíor 4A.2 Leithreasáí barrachais 2024 a chur i bhfeidhm, trí vóta

Vóta	Seirbhís	Glan- bharrachas don bhliain	Géilleadh iarchurtha (go dtí 2025)	Barrachas le haghaidh géilleadh	Barrachas a ghéilleadh % den leithreasú iomlán
		€000	€000	€000	
1	Bunú an Uachtaráin	833	—	833	16%
2	Roinn an Taoisigh	4,446	—	4,446	11%
3	Oifig an Ard-Aighne	2,720	—	2,720	11%
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	256	—	256	0%
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	731	—	731	1%
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	524	—	524	1%
7	Oifig an Aire Airgeadais	5,157	110	5,047	10%
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	3,316	—	3,316	18%
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	15,769	—	15,769	3%
10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	798	—	798	20%
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe	2,591	—	2,591	4%
12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	80,602	—	80,602	9%
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	12,355	—	12,355	2%
14	An tSaorthlann Stáit	(10)	—	(10)	0%
15	Rúnseirbhís	718	—	718	36%
16	Tailte Éireann	7,940	479	7,461	9%
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	1,669	200	1,469	6%
18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	8,898	1,000	7,898	10%
19	Oifig an Ombudsman.	1,204	—	1,204	8%
20	An Garda Síochána	29,054	16,586	12,468	1%
21	Príosúin	1,367	—	1,367	0%
22	An tSeirbhís Chúirteanna	4,490	—	4,490	2%
23	An Coimisiún Toghcháin	1,581	—	1,581	13%
24	An Roinn Dlí agus Cirt	21,569	—	21,569	3%

Vóta	Seirbhís	Glan- bharrachas don bhliain	Géilleadh iarchurtha (go dtí 2025)	Barrachas le haghaidh géilleadh	Barrachas a ghéilleadh % den leithreasú iomlán
		€000	€000	€000	
25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	154	—	154	2%
26	An Roinn Oideachais	25,358	—	25,358	0%
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	2,620	—	2,620	0%
28	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	16,730	—	16,730	4%
29	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	38,479	—	38,479	2%
30	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	115,733	31,800	83,933	4%
31	An Roinn Iompair	153,622	115,253	38,369	1%
32	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	63,075	—	63,075	4%
33	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	57,129	24,788	32,341	3%
34	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	10,998	—	10,998	0%
35	Pinsin Airm	12,461	—	12,461	4%
36	An Roinn Cosanta	8,967	—	8,967	1%
37	An Roinn Coimirce Sóisialaí	96,448	1,380	95,068	1%
38	An Roinn Sláinte	28,203	—	28,203	0%
39	Oifig Soláthair an Rialtais	2,931	—	2,931	13%
40	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	122,972	—	122,972	2%
41	An tÚdarás Póilíneachta	808	—	808	18%
42	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	3,235	—	3,235	1%
43	Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais	2,995	900	2,095	4%
44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	8,724	—	8,724	31%
45	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	16,252	—	16,252	0%
Iomlán		996,472	192,496	803,976	1%

Foinse: Cuntais Leithreasa 2024. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Fíor 4A.3 Státchiste fáltais 'breise' 2024, trí vóta

Vóta	Seirbhís	Fáltais réadaithe
		€000
1	Bunú an Uachtaráin	—
2	Roinn an Taoisigh	80
3	Oifig an Ard-Aighne	—
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	—
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	—
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	661
7	Oifig an Aire Airgeadais	16,516
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	4,016
10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	—
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe	21
12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	—
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	—
14	An tSaorthlann Stáit	—
15	Rúnseirbhís	—
16	Tailte Éireann	86,095
17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	—
18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	—
19	Oifig an Ombudsman.	—
20	An Garda Síochána	11,855
21	Príosúin	—
22	An tSeirbhís Chúirteanna	8,055
23	An Coimisiún Toghcháin	—
24	An Roinn Dlí agus Cirt	7
25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	—
26	An Roinn Oideachais	24

Vóta	Seirbhís	Fáltais réadaithe
		€000
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	—
28	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	—
29	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	205,249
30	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	—
31	An Roinn Iompair	36,355
32	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	54,876
33	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	17,726
34	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	470
35	Pinsin Airm	—
36	An Roinn Cosanta	10,966
37	An Roinn Coimirce Sóisialaí	4
38	An Roinn Sláinte	48
39	Oifig Soláthair an Rialtais	22
40	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	8,270
41	An tÚdarás Póilíneachta	—
42	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	16
43	Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais	—
44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	590
45	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	1,855
Iomlán		463,777

Foinse: Cuntais Leithreasa 2024. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.